



2018. M 8

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2018*

## *Gaeilge Ardleibhéal*

---

**Páipéar II**

200 MARC

---

**Dé Máirt  
12 Meitheamh  
Maidin, 9.30 go dtí 12.35**

---

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3*

# **Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.  
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

**Ceist 1:** LÉAMHTHUISCINT: A agus B  
Tá Ceist 1 - 5 ar cómharc.  
Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail an tsleachta,  
de réir mar a éilíonn an cheist.  
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

**Ceist 2:** PRÓS:  
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

**Ceist 3:** FILÍOCHT:  
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

**Ceist 4:** LITRÍOCHT BHREISE

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna a ghabhann leis.

## Scéalta ó na Daonáirimh

1. Ar an 24 Aibreán 2016 a rinneadh an daonáireamh is déanaí sa tír seo. Tá torthaí an daonáirimh sin foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh anois. Is é atá i gceist le daonáireamh ná líon na ndaoine sa stát a chomhaireamh go hoifigiúil ar oíche áirithe agus eolas cruinn a bhailiú faoi dhálaí sóisialta na ndaoine ag an am sin. Téann traidisiún na ndaonáireamh i bhfad siar sa stair. Na Bablónaigh a rinne an chéad daonáireamh a bhfuil trácht air, beagnach sé mhíle bliain ó shin. Ach ba sa tSín sa bhliain 2 AD a rinneadh an daonáireamh is sine dá bhfuil staitisticí ar fáil uaidh. Tá tagairtí sa Bhíobla do dhaonáirimh freisin. Bhí sé de nós ag na Rómhánaigh daonáirimh a dhéanamh agus, de réir an Bhíobla, bhí daonáireamh ar siúl ag an am a rugadh Íosa. Bhí ar Mhuire agus ar Iósaf fillleadh ar bhaile a sinsear, Beithil, chun go n-áireofaí sa daonáireamh ansin iad. Ba ar an ábhar sin a rugadh Íosa i mBeithil, de réir an scéil. Rinneadh gach aon cheann de na daonáirimh sin le heolas a bhailiú chun cúrsaí cánach a shocrú agus chun cúraimí an stáit a eagrú.

2. Sa bhliain 1821 a rinneadh an chéad daonáireamh iomlán in Éirinn. Chuaigh na háiritheoirí timpeall ó theach go teach ar fud na tíre. Bhreac siad síos ina leabhair nótaí ainm, aois agus gairm bheatha na ndaoine. Rinneadh daonáireamh uair amháin gach deich mbliana ina dhiaidh sin. Ba é daonáireamh na bliana 1841 an chéad daonáireamh mór nua-aimseartha a rinneadh in Éirinn. Rinneadh an daonáireamh sin ar bhealach níos proifisiúnta ná mar a rinneadh na cinn a bhí ann roimhe sin. Ceapadh áiritheoirí speisialta i ngach ceantar sa tír. Baineadh úsáid den chéad uair as léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis le dúiche gach áiritheora a leagan amach i gceart roimh ré. Bhí foirm phriontáilte oifigiúil le líonadh ag gach teaghlach den chéad uair riamh. Chomh maith leis sin, leathnaíodh réimse an eolais a bhí le bailiú i ndaonáireamh 1841. Bailíodh eolas breise an bhliain sin faoi oideachas agus faoi chreideamh

reiligiúnach na ndaoine, agus faoi thithe cónaithe na dteaghlach éagsúil.

3. Is taifid luachmhara iad tuairisceáin na ndaonáireamh éagsúil. Is foinsí tábhachtacha eolais faoinár sinsir iad, faoin saol mar a bhíodh sé sa tír agus faoi na hathruithe a tharla in imeacht na mblianta. Tá daonáirimh na mblianta 1841 agus 1861 an-tábhachtach chun tuiscint a fháil ar na hathruithe móra sóisialta a tharla de bharr an Ghorta Mhóir in Éirinn. Nuair a chuirtear torthaí an dá dhaonáireamh sin i gcomparáid le chéile, tá sé soiléir gur thit daonra na tíre go tubaisteach sa tréimhse fiche bliain sin. Rinneadh daonáireamh sa tír uair amháin gach deich mbliana anuas go dtí an bhliain 1911. Ní dhearnadh aon daonáireamh sa bhliain 1921, áfach. Bhí réimeas na Breataine in Éirinn ag druidim chun deiridh ag an am. Bhí Cogadh na Saoirse ar siúl agus bhí an tír ina cíor thuathail. Sa bhliain 1922, agus an Cogadh Cathartha ar siúl, scriosadh Oifig na dTaifead Poiblí sna Ceithre Cúirteanna agus cailleadh a lán de thuairisceáin na ndaonáireamh a bhí á stóráil ansin ag an am. Tháinig cáipéisí iomlána na ndaonáireamh a rinneadh i 1901 agus i 1911 slán agus tá siad ar fáil ar líne anois.

4. Gach cúigiú bliain is gnách daonáireamh a dhéanamh in Éirinn anois. Tá eolas spésiúil ar fáil anois ag éirí as daonáireamh 2016. Tá pobal na hÉireann níos éagsúla ná riamh ó thaobh náisiúntachta de. De réir na staitisticí, tá níos mó ná leathmhilliún náisiúnach coigríche ag cur fúthu anseo anois. Is de bhunadh dhá chéad náisiún éagsúil iad. Is iad na Polannaigh an pobal inimirceach is líonmhaire in Éirinn. Cé gur tháinig méadú ar dhaonra na tíre le cúig bliana anuas, thit an daonra i gcontaetha áirithe san iarthar agus san iarthuaisceart. Tá impleachtaí ag baint leis an titim sin do sholáthar seirbhísí sna ceantair sin. Tá an baol ann go ndúnfar oifigí poist, stáisiúin an Gharda

Síochána agus scoileanna sna ceantair sin. Tá sé soiléir freisin go bhfuil daonra na hÉireann ag dul in aois. Is mó anois an céatadán den phobal atá os cionn seasca bliain d'aois. Beidh ar an rialtas tuilleadh airgid a chaitheamh ar sheirbhísí sláinte agus ar chúram seandaoine amach anseo.

5. Tá fianaise i ndaonáireamh 2016 go bhfuil borradh faoi gheilleagar na hÉireann arís. Tá méadú 3.2% ar líon na ndaoine a bhí ag obair an bhliain sin i gcomparáid leis an mbliain 2011. D'fhág a lán Éireannach an tír nuair a tharla an cúlú eacnamaíochta ach is léir ó dhaonáireamh 2016 go bhfuil go leor acu ag filleadh anois toisc go bhfuil fostaíocht ar fáil arís. D'fhoilsigh an

Phríomh-Oifig Staidrimh eolas spéisiúil freisin faoin tslí a dtéann daoine chuig a n-ionad oibre. Tá méadú ar an líon oibrithe a bhaineann leas as an iompar poiblí mar mhodh taistil chun na hoibre. Beidh ar an rialtas níos mó d'acmhainní an stáit a chaitheamh ar an iompar poiblí amach anseo. Sa bhliain 2021 a dhéanfar an chéad daonáireamh eile in Éirinn. Beidh daonáireamh ar siúl i ngach ballstát den Aontas Eorpach an bhliain sin. Nuair a bheidh sin déanta, beimid in ann pobal na tíre seo a chur i gcomparáid le pobail na dtíortha eile san Aontas, agus beidh tuiscint níos fearr againn ar an Aontas Eorpach dá bharr.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

### Ceisteanna

- (a) Cad is daonáireamh ann? Tabhair **dhá** phointe eolais. (Alt 1)

(b) (i) Cén fáth a raibh ar Mhuire agus ar Íosaf filleadh ar bhaile a sinsear, Beithil? (Alt 1)

(ii) Tabhair an **dá** chúis a ndearnadh gach aon cheann de na daonáirimh sin. (Alt 1)

(7 marc)
- (a) Scríobh síos an **dá** rud a rinne na háiritheoirí i ndaonáireamh 1821. (Alt 2)

(b) (i) Luaigh rud **amháin** a thaispeánann go ndearnadh daonáireamh 1841 ar bhealach níos proifisiúnta ná mar a rinneadh na cinn a bhí ann roimhe sin. (Alt 2)

(ii) Cén t-eolas breise a bailíodh i ndaonáireamh 1841? (Alt 2)

(7 marc)
- (a) Luaigh **dhá** chúis ar taifid luachmhara iad tuairisceáin na ndaonáireamh éagsúil. (Alt 3)

(b) (i) Cén tábhacht a bhaineann le daonáirimh na mblianta 1841 agus 1861? (Alt 3)

(ii) Cén fáth nach ndearnadh aon daonáireamh sa bhliain 1921? (Alt 3)

(7 marc)
- (a) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na náisiúnaigh choigríche in Éirinn. (Alt 4)

(b) (i) Cad iad na himpleachtaí atá ag an titim sa daonra i gcontaetha áirithe san iarthar agus san iarthuaisceart do sholáthar seirbhísí sna ceantair sin? (Alt 4)

(ii) Tá daonra na hÉireann ag dul in aois. Cén dúshlán a chruthaíonn sé sin don rialtas? (Alt 4)

(7 marc)
- (a) Cén fhianaise atá i ndaonáireamh 2016 go bhfuil borradh faoi gheilleagar na hÉireann arís? Tabhair **dhá** phointe eolais. (Alt 5)

(b) (i) Cén t-eolas spéisiúil a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh faoin tslí a dtéann daoine chuig a n-ionad oibre? (Alt 5)

(ii) Cén tábhacht do mhuintir na hÉireann a bhainfidh leis an daonáireamh a bheidh ar siúl i ngach ballstát den Aontas Eorpach sa bhliain 2021? (Alt 5)

(7 marc)
- (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 4 **agus** sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 5.

(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** chúis ar scríobh an t-údar an sliocht seo. (Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna a ghabhann leis.

### 2018 - Ceiliúradh ar an Oidhreacht Chultúrtha agus ar an nGaeilge

**1.** Tá sainmhíniú ar ‘oidhreacht chultúrtha’ i ráiteas misin an Choimisiúin Eorpaigh: is rud ón am atá caite í a fhágtar le huacht againn le tabhairt ar aghaidh do na glúine atá le teacht. Tá a lán gnéithe éagsúla de shaol an duine i gceist le hoidhreacht chultúrtha: teangacha, traidisiúin, ceol, spórt, ealaín, éadaí, séadchomharthaí, láithreáin seandálaíochta, tírdhreacha, agus aon rud eile a chuidíonn le féiniúlacht grúpa daoine a mhúnlú. Tá an Coimisiún Eorpach tar éis an bhliain 2018 a ainmniú mar Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha. Eagrófar imeachtaí speisialta i dtíortha an Aontais Eorpaigh i rith na bliana. Tabharfaidh na himeachtaí speisialta deis do phobail na dtíortha éagsúla aitheantas a thabhairt d’oidhreacht chultúrtha a dtíre féin agus eolas a chur ar éagsúlacht na hoidhreachta cultúrtha san Aontas Eorpach. Tá cúram reachtúil ar an gComhairle Oidhreachta sa tír seo oidhreacht náisiúnta na hÉireann a chur chun cinn agus feasacht uirthi a mhéadú. Tá clár imeachtaí leagtha amach acu chun an ceangal idir an pobal agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann a neartú.

**2.** Tá tírdhreach na hÉireann breac le séadchomharthaí seandálaíochta, le foirgnimh stairiúla agus le páirceanna náisiúnta. Tá dhá Láithreán Oidhreachta Dhomhanda againn sa tír seo, Brú na Bóinne agus Sceilg Mhichíl. Is áit é Láithreán Oidhreachta Domhanda a n-aithnítear a luach cultúrtha ar fud an domhain agus ar gá é a chosaint ar aon damáiste a bhainfí dó. Aithnítear Brú na Bóinne as na tuamaí pasáiste Neoiliteacha atá ann. Tá stádas speisialta ag Sceilg Mhichíl mar gheall ar an mainistir a tógadh ansin idir an séú haois agus an t-ochtú haois. Tá gnéithe d’oidhreacht chultúrtha na hÉireann caomhnaithe sna lámhscríbhinní, sna bailiúcháin leabhar, sna cartlanna agus sna músaem ó cheann ceann na tíre. Tá Cnuasach Bhéaloidias Éireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ar na bailiúcháin bhéaloidis is mó ar domhan. Is cnuasach é de litríocht bhéil, de sheanscéalta, d’fhillíocht agus de sheanchas na hÉireann, agus tá cuntais ar fáil ann freisin ar a lán de nósanna traidisiúnta na tíre

atá ag dul i léig nó imithe as faoi seo. Tá cineál speisialta scríbhneoireachta le feiceáil ar chlocha ina lán áiteanna sa tír. Ogham a thugtar air. Is é an tOgham an leagan is sine de scríbhneoireacht na Gaeilge atá ar fáil. Is seoda náisiúnta iad na clocha Oghaim. Tá cuid acu ann ón gcúigiú haois.

**3.** Gné lárnach d’fhéiniúlacht na hÉireann is ea an Ghaeilge. Tá an bhliain 2018 ainmnithe mar Bhliain na Gaeilge chomh maith. Déanfar ceiliúradh ar an méid atá bainte amach ar son na teanga le céad fiche a cúig bliain ó bunaíodh Conradh na Gaeilge in 1893. Díreofar aird ar thábhacht na Gaeilge mar chuid den oidhreacht náisiúnta agus ar na dúshlán atá roimh an teanga i saol an lae inniu. Bíonn an Ghaeilge á labhairt go rialta in Éirinn, agus le cloisteáil ar an teilifís agus ar an raidió gach lá. Is teanga oifigiúil oibre san Aontas Eorpach í. Tá an-tóir ar an oideachas lán-Ghaeilge. Tá an Ghaeilge in úsáid go fairsing ar líne agus ar na meáin shóisialta. Bhí cibear-Ghaeltacht, Trasna na dTonnta, ar bun ar feadh seachtaine i mí Eanáir chun cainteoirí Gaeilge sa bhaile agus ar fud an domhain a nascadh le chéile ar an gcóras gíolcaireachta. Ach caithfear aghaidh a thabhairt ar na dúshlán chomh maith. Is údar imní é go bhfuil níos lú daoine ag labhairt na Gaeilge go laethúil anois agus go bhfuil laghdú ar líon na gcainteoirí dúchais sna Gaeltachtaí. Déanfar dochar doleigheasta má ligtear an teanga i ndearmad.

**4.** Is gnéithe bríomhara den fhéiniúlacht Éireannach iad an ceol traidisiúnta, an amhránaíocht ar an sean-nós, na rincí Gaelacha agus na cluichí dúchasacha. An bhfuil aon áit ar domhan níos beoga ná Páirc an Chrócaigh agus Cluichí Ceannais na hÉireann ar siúl? Tá traidisiún na bpíob uilleann ina dhlúthchuid de cheol na hÉireann. Bhí an pháibaireacht ag dul i léig sna seascaidí, áfach. Ní raibh ach fíorbheagán píobairí uilleann sa tír ag an am agus ní raibh ach cúpla duine ag déanamh na n-uirlisí. Bunaíodh an eagraíocht Na Píobairí Uilleann sa bhliain 1968

chun ceol na bpíob a athbheochan agus chun an pháobaireacht a mhúineadh do ghlúin nua. De réir a chéile, chuir daoine spéis i gceol na bpíob athuair. Anois, tá an pháobaireacht uilleann aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) mar shiombail thábhachtach d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Léiríonn an comhartha aitheantais sin an meas atá ar an gceol sainiúil Éireannach seo sa bhaile agus thar lear. Tá an ceol traidisiúnta ag fás agus ag forbairt i gcónaí de réir mar a théann sé ó ghlúin go glúin.

5. Dá bhríomhaire í oidhreacht chultúrtha, áfach, bíonn dúshláin ann i gcónaí. Is féidir leis an athrú aeráide dul i gcion go fisiceach ar an oidhreacht chultúrtha. Déantar dochar cois cósta nuair a éiríonn leibhéal na farraige. Creimeann an ghaoth

agus an bháisteach séadchomharthaí agus foirgnimh stairiúla. Cuireann an tógáil agus an druileáil isteach ar an timpeallacht. Is féidir le cuairteoirí damáiste a dhéanamh do shuíomh tábhachtach. Bíonn treoraithe ag obair ar go leor de na láithreáin oidhreachta. Bíonn siad ag caint le cuairteoirí faoi stair na láithreán ach is gné thábhachtach dá ról freisin é an áit a chosaint agus monatóireacht a dhéanamh ar líon na ndaoine a thugann cuairt ar an láithreán. Tá súil ag bunaitheoirí Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha go mbeidh toradh fadtéarmach ar an tionscnamh seo. Tá súil acu go mbeidh tuiscint níos fearr ag na pobail i dtíortha an Aontais ar an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus le forbairt a n-oidhreachta cultúrtha do na glúine atá le teacht ina ndiaidh.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

## Ceisteanna

1. (a) Cén sainmhíniú ar 'oidhreacht chultúrtha' atá i ráiteas misin an Choimisiúin Eorpaigh? Tabhair **dhá** phointe eolais. (Alt 1)
  - (b) (i) Cén deis a thabharfaidh na himeachtaí speisialta do phobail na dtíortha éagsúla? (Alt 1)
  - (ii) Cén cúram reachtúil atá ar an gComhairle Oidhreachta in Éirinn? (Alt 1)

(7 marc)
2. (a) Cad is Láithreán Oidhreachta Domhanda ann? (Alt 2)
  - (b) (i) Luaigh pointe **amháin** eolais faoi Chnuasach Bhéaloideas Éireann atá i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. (Alt 2)
  - (ii) Scríobh síos pointe **amháin** eolais faoin Ogham. (Alt 2)

(7 marc)
3. (a) Luaigh **dhá** aidhm atá le Bliain na Gaeilge in 2018. (Alt 3)
  - (b) (i) Cén fáth a raibh cibear-Ghaeltacht, Trasna na dTonnta, ar bun ar feadh seachtaine i mí Eanáir? (Alt 3)
  - (ii) Cén t-údar imní atá ann i gcás na Gaeilge? (Alt 3)

(7 marc)
4. (a) Tabhair **dhá** chúis a raibh an pháobaireacht ag dul i léig in Éirinn sna seascaidí. (Alt 4)
  - (b) (i) Cén fáth ar bunaíodh an eagraíocht Na Píobairí Uilleann sa bhliain 1968? (Alt 4)
  - (ii) Cad a léiríonn comhartha aitheantais UNESCO? (Alt 4)

(7 marc)
5. (a) Luaigh **dhá** shlí ar féidir leis an athrú aeráide dul i gcion go fisiceach ar an oidhreacht chultúrtha. (Alt 5)
  - (b) (i) Cén ról a bhíonn ag na treoraithe ar na láithreáin oidhreachta? (Alt 5)
  - (ii) Cén toradh fadtéarmach a bhfuil bunaitheoirí Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha ag súil leis? (Alt 5)

(7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla d'ainmfhocal firinsneach sa tuiséal ginideach uatha in Alt 3 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 5.
  - (b) Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin**, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

## Ceist 2 PRÓS (30 marc)

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) **nó** Ceist 2B (Prós Roghnach) thíos.

### 2A. Prós Ainmnithe

Freagair an cheist thíos ar an scannán *Cáca Milis* **nó** ar an dráma *An Lasair Choille*.

#### Cáca Milis

“Is duine faoi mhíchumas é Paul sa scannán *Cáca Milis*, ach ní thuilleann sé mórán trua dá chás ón lucht féachana.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

nó

#### An Lasair Choille

“Tá léiriú sa dráma *An Lasair Choille* ar an gcineál duine é Micil, an cláiríneach, agus ar an tionchar a bhíonn aige ar Shéamas.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

### 2B. Prós Roghnach

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

Freagair an cheist thíos ar an scannán roghnach **nó** ar an dráma roghnach.

Maidir leis an **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, roghnaigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa scannán sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar thréithe agus ar iompar an duine sin ó thús deireadh an scannáin.

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

nó

Maidir leis an **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, roghnaigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa dráma sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar thréithe agus ar iompar an duine sin ó thús deireadh an dráma.

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)



## Ceist 3 *FILÍOCHT (30 marc)*

– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) *nó* Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

### 3A. Filíocht Ainmnithe

- (i) “Tá brón agus bród an spailpín le feiceáil go soiléir sa dán *An Spailpín Fánach* (thíos).”  
É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn ón dán. (9 marc)

#### An Spailpín Fánach

- |  |   |
|--|---|
| <p>1. Im spailpín fánach atáim le fada<br/>ag seasamh ar mo shláinte,<br/>ag siúl an drúchta go moch ar maidin<br/>'s ag bailiú galair ráithe;<br/>ach glacfad <i>fees</i> ó rí na <i>gcroppies</i>,<br/>cleith is píc chun sáite<br/>'s go brách arís ní ghlaofar m'ainm<br/>sa tír seo, an spailpín fánach.</p> <p>2. Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala<br/>'s as san go Tiobraid Árann;<br/>i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn<br/>cúrsa leathan láidir;<br/>i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic<br/>ag dul chun tosaigh ceard leo<br/>'s nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –<br/>'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'</p> | <p>3. Go deo deo arís ní raghad go Caiseal<br/>ag díol ná ag reic mo shláinte<br/>ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,<br/>im scaoinse ar leataoibh sráide,<br/>bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill<br/>á fhiafraí an bhfuilim hireálta;<br/>'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –<br/>siúd siúl ar an spailpín fánach.</p> |
|--|---|

### 3B. Filíocht Roghnach

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

- (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin. Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (15 mharc)
- (ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Scríobh síos an teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán.  
Scríobh **dhá** phointe eolais faoin teicníc sin. (9 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

## Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

### – LITRÍOCHT BHREISE – (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos.

#### 4A. An Triail

“Tugtar léargas sa dráma *An Triail* ar an gcaoi chruálach mhíthrócaireach ar caitheadh le máthair neamhphósta in Éirinn sna seascaidí.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

#### 4B. A Thig Ná Tit Orm

“Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugann Maidhc Dainín cuntas spéisiúil dúinn ar na daoine ina theaghlach agus sa phobal timpeall air.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

#### 4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

“Tugtar léiriú éifeachtach dúinn ar an bpáirt thábhachtach a bhí ag na carachtair (na pearsana) Aonghus an Bhrogha agus Muadhán sa *Tóraíocht*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

#### 4D. Gafa

“Tá an t-amhras agus an míshuaimhneas le brath go minic sa chaidreamh idir na carachtair (na pearsana) éagsúla sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

#### 4E. Canary Wharf

“Is duine amhrasach míshásta é Ultan sa scéal *Saineolaí Teicneolaí*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

#### 4F. Dánta Breise – A Chlann

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Déan plé ar an gcaoi a léirítear grá na máthar dá clann agus an imní atá uirthi fúthu sa dán *A Chlann* (thall). (20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú: (10 marc)

Ní liomsa bhúr mbrionglóidí ná bhúr mbealaí,  
Ná ní liom bhúr smaointe ná bhúr ndearcadh!  
Níl baint agam le rogha bhúr gcroí –

(iii) An teideal oiriúnach ar an dán é, *A Chlann*, dar leat? Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.

(10 marc)

## A Chlann –

Dá bhféadfainn sibh a chosaint ar an saol so,  
Chosnóinn!  
I ngach bearna baoil,  
Bheadh aingeal romhaibh!  
Bheadh bhúr mbóthar réidh is socair –  
Bhúr sléibhte 'na maolchnoic mhíne –  
Bhúr bhfarraigí gléghorm  
Ó d'fhág sibh cé mo chroí.

Chloífinn fuath is díoltas  
Dá dtiocfaidís bhúr ngaor,  
Thiocfainn eadar sibh is fearg Dé!  
Dá bhféadfainn, dhéanfainn rud daoibh  
Nár dheineas riamh dom féin –  
Mhaithfinn daoibh gach peaca  
'S d'agróinn cogadh ar phéin!

Fada uaim a ghluaisfidh sibh,  
Ar bhúr mbealach féin  
I bhfiacail bhúr bhfáistine,  
Ná feicim ach im' bhuairt  
Is cuma libh faoin anaithe,  
Nó sin é deir sibh liom –  
Ag tabhairt dúshláin faoi aithne na dtuar!

Ní liomsa bhúr mbrionglóidí ná bhúr mbealaí,  
Ná ní liom bhúr smaointe ná bhúr ndearcadh!  
Níl baint agam le rogha bhúr gcroí –  
Le fuacht ná teas  
Le lá ná oíche  
Níl rogha agam i bhúr dtodhchaí  
Níl agam ach guí. ...

**Leathanach Bán**